Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**10671/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0184(NLE)**

**PECHE 258**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 372 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 372 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 372 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.7.2021
COM(2021) 372 final

2021/0184 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh.**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 22 Meitheamh 2018[1] thug an Chomhairle údarú don Choimisiún dul i mbun caibidlíochta maidir leis an Aontas Eorpach aontú don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh ('an Coinbhinsiún').

Faoi Airteagal 24, mír 2(a) den Choinbhinsiún, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha de chomhthoil, cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch, ar mian lena soithí iascaireachta dul i mbun iascaireachta i Limistéar Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin, aontú don Choinbhinsiún.

Chuir an tAontas iarrataí isteach ar aontú don Choinbhinsiún in 2018, 2019, 2020 agus 2021. Ní raibh Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC), an comhlacht a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún chun an t-iascach sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a bhainistiú, ní raibh sé in ann teacht ar chomhthoil maidir le hiarrataí 2018 agus 2019 ón Aontas ag an gceathrú seisiún agus ag an gcúigiú seisiún bliantúil in 2018 agus 2019 faoi seach. Ní raibh aon seisiún bliantúil ann in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19, mar sin níor mheas NPFC iarratas 2020 ón Aontas. Ag an séú seisiún bliantúil a bhí ag Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh ón 23 go dtí an 25 Feabhra 2021, ghlac sé le hiarraidh ón Aontas agus d'iarr sé, de chomhthoil, ar an Aontas aontú don Choinbhinsiún agus na hionstraimí daingniúcháin a thaisceadh leis an Taiscí, Rialtas Phoblacht na Cóiré.

Trí aontú don Choinbhinsiún, tá sé d'aidhm ag an Aontas freastal ar an spéis atá ag na Ballstáit agus ag soithí an Aontais lena mbaineann rochtain a fháil ar na hacmhainní iascaigh i Limistéar Cur i bhFeidhm an Choinbhinsiúin. Tá sé d'aidhm ag an Aontas freisin a áirithiú go ndéanfar na hacmhainní bitheolaíocha muirí agus an comhshaol muirí arna mbainistiú ag NPFC a shaothrú, a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealach inbhuanaithe.

Is le haghaidh Cinneadh ón gComhairle atá an togra seo maidir le haontú don Choinbhinsiún tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is éard atá in Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistíochta Iascaigh: eagraíochtaí idirnáisiúnta tíortha, ar stáit chósta cuid acu; eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch, amhail an tAontas Eorpach; agus eintitis iascaireachta a bhfuil leasanna iascaireachta acu i limistéar ar leith. Bainistíonn roinnt RFMOnna na stoic éisc uile a fhaightear i gceantar ar leith, ach díríonn roinnt eile acu ar speicis mhórimirceacha ar leith, go háirithe tuinnín, ar fud na limistéar tíreolaíoch fairsing. Cé gur ról comhairleach agus sin uile atá ag roinnt de na heagraíochtaí sin, tá cumhachtaí bainistíochta ag a bhformhór chun teorainneacha ar iarrachtaí gabhála agus iascaireachta a shocrú, anuas ar bhearta teicniúla, agus oibleagáidí rialaithe.

I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Rannpháirtíocht in eagraíochtaí iascaigh réigiúnacha'[2], le hAirteagail 28 agus 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir

[1] ST 10082 2018.
[2] COM(1999) 613 final an 8.12.1999.

leis an gComhbheartas Iascaigh[3] agus leis na conclúidí ón gComhairle an 19 Márta 2012 i ndáil leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an ngné sheachtrach den Chomhbheartas Iascaigh[4], tá ról gníomhach ag an Aontas Eorpach, a bhfuil an Coimisiún ina ionadaí dó, i sé eagraíocht tuinníní agus i 11 eagraíocht neamhthuinníní.

Leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le 'Rialachas idirnáisiúnta aigéan: 'International ocean governance: an agenda for the future of oceans' [Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan][5] agus leis na conclúidí ón gComhairle an 3 Aibreán 2017 maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach sin, cuirtear chun cinn bearta chun cur le héifeachtacht na n-eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh agus, i gcás inarb ábhartha, a rialachas a fheabhsú. Is cuid lárnach é sin de ghníomhaíocht an Aontais sna fóraim sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún go hiomlán comhsheasmhach leis na Conclúidí ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 a mhéid a bhaineann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais le haghaidh 2030'[6].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

An togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle tá sé bunaithe ar Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach.

- **Comhréireacht**

Neamhbhainteach.

- **An rogha ionstraime**

Le hAirteagal 218(6)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh teastaíonn togra ón gCoimisiún chun go nglacfadh an Chomhairle an Cinneadh seo, le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa.

---

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[4] COM(2011) 424 final an 13.7.2011.

[5] JOIN(2016) 49 final of 10.11.2016.

[6] COM(2020) 380 final an 20.5.2020.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

D'iarr na Ballstáit agus roinnt oibreoirí iascaireachta aonair de chuid an Aontais ar an gCoimisiún tús a chur le caibidlíocht aontachais ag deireadh 2017. Chuathas i gcomhairle leis na heagraíochtaí agus leis na grúpaí sainleasa ábhartha go luath in 2018 chun a áirithiú go gcuirfí a dtuairimí san áireamh i gcaibidlíocht a dhéanfaí amach anseo maidir le haontachas féideartha an Aontais leis an gCoinbhinsiún. Ina measc bhí ionadaithe ó údaráis riaracháin na mBallstát, tionscal iascaigh an Aontais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, chomh maith le saoránaigh agus tomhaltóirí an Aontais. Le linn na gcomhairliúchán sin, d'áitigh tionscal iascaigh an Aontais ar institiúidí an Aontais an comhaontú lena gceadaítear do chabhlach an Aontais tús a chur le hiascaireacht i Limistéar Cur i bhFeidhm an Choinbhinsiúin a dhaingniú a luaithe is féidir. Is é an tuairim a bhí acu gurbh é an cur chuige dhá chéim an bealach ba thapúla chun sin a bhaint amach, cur chuige a d'fhágfadh go mbeadh an tAontas ina Pháirtí Comhoibrithe Neamhchonarthach (CCN) den chéad uair agus é mar aidhm shainráite aige a bheith ina chomhalta iomlán de NPFC go luath ina dhiaidh sin. Ní bhfuarthas aon tuairim eile le linn na gcomhairliúchán.

Cé go ndearnadh foráil le sainordú na Comhairle go bhféadfaí dul i mbun caibidlíochta le NPFC chun cur ar a chumas don Aontas a bheith ina Pháirtí Comhoibríoch Neamhchonarthach. Measadh gurbh fhearr, áfach, ballraíocht iomlán a bhaint amach, ós rud é nach léireofaí go leordhóthanach le stádas PCN leibhéal agus déine na rannpháirtíochta atá beartaithe ag an Aontas in NPFC.

Bhí dlúthbhaint ag na páirtithe leasmhara freisin le hullmhú iarrataí ar aontachas ag an Aontas, agus bhí dlúthbhaint acu san ullmhú a bhí ann roimh an bplé aontachais a bhí ar siúl i seisiúin bhliantúla NPFC in 2018, 2019 agus 2021 agus le linn an phlé sin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Le haontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún ní mór ranníocaíocht bhliantúil airgeadais a íoc le NPFC ó líne bhuiséid 8.5.2 ('Ranníocaíochtaí éigeantacha le ERBInna agus le

hEagraíochtaí Idirnáisiúnta eile'), ranníocaíocht a mheastar a bheith timpeall EUR 60 000 in aghaidh na bliana. D'fhéadfadh méadú teacht ar ranníocaíocht an Aontais, de réir na hiascaireachta a dhéanfaidh sé amach anseo sa Réimse Cur i bhFeidhm. Beidh na riachtanais bheachta mar chuid de na méideanna a leagtar síos sna línte buiséid ábhartha sa nós imeachta buiséadach bliantúil.

Is dócha go ndéanfar ranníocaíochtaí deonacha le buiséad NPFC faoi líne bhuiséid 8.4.02 freisin, go háirithe chun taighde eolaíoch a chur chun cinn. Meastar gurb ionann na ranníocaíochtaí sin agus thart ar EUR 200 000 in aghaidh na bliana. Déantar foráil sa líne bhuiséid seo freisin maidir le cúnamh teicniúil chun tacú le comhairle eolaíoch a sholáthar ag cruinnithe NPFC. Meastar gurb é EUR 10 000 in aghaidh na bliana an costas a bhainfidh leis sin. Beidh na riachtanais bheachta mar chuid de na méideanna a leagtar síos sna línte buiséid ábhartha sa nós imeachta buiséadach bliantúil.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Neamhbhainteach.

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh.

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[7],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Meitheamh 2018[8] thug an Chomhairle údarú don Choimisiún Eorpach tús a chur leis an gcaibidlíocht le Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh maidir leis an Aontas Eorpach aontú don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh ('an Coinbhinsiún').

(2) Tá an tAontas inniúil ar bhearta a ghlacadh chun acmhainní bitheolaíocha mara a chaomhnú faoin gComhbheartas Iascaigh agus ar chomhaontuithe a dhéanamh le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

(3) De bhun Chinneadh 98/392/CE ón gComhairle[9], is Páirtí Conarthach é an tAontas i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982, ar coinbhinsiún é lena gceanglaítear ar chomhaltaí uile an chomhphobail idirnáisiúnta oibriú i gcomhar le chéile i dtaca le hacmhainní bitheolaíocha na farraige a chaomhnú agus a bhainistiú.

(4) De bhun Chinneadh 98/414/CE ón gComhairle[10], is Páirtí Conarthach é an tAontas sa Chomhaontú maidir le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 a chur chun feidhme i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-Imirceach.

---

7 IO C , , lch. .

8 ST 10082 2018.

9 Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 maidir leis an gComhphobal Eorpach Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe a mhéid a bhaineann le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 agus Comhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de a thabhairt i gcrích (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1).

10 Cinneadh 98/414/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 1998 maidir le daingniú ag an gComhphobal Eorpach don Chomhaontú a bhaineann le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 a chur chun feidhme i ndáil le caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mórimirceach (IO L 189, 3.7.1998, lch. 14).

(5) Ag an séú seisiún bliantúil a bhí ag Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh ón 23 go dtí an 25 Feabhra 2021, d'iarr sé ar an Aontas Eorpach aontú don Choinbhinsiún[11].

(6) Trí aontú don Choinbhinsiún, ba cheart go gcuirfí le comhsheasmhacht chur chuige an Aontais i leith an chaomhnaithe ar fud aigéin an domhain agus neartófaí tiomantas an Aontais i dtaca le caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh ar fud an domhain freisin. I gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach dar teideal 'International ocean governance: an agenda for the future of oceans' [Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan] agus na conclúidí ón gComhairle maidir leis an teachtaireacht chomhpháirteach sin, is cuid lárnach de ghníomhaíocht an Aontais sna fóraim sin, bearta a chur chun cinn chun tacú agus cur le héifeachtacht na n-eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh[12].

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] agus thug sé tuairim an […].

(8) Ba cheart don Aontas Eorpach, dá bhrí sin, aontú don Choinbhinsiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, aontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus um Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh.

Tá téacs an Choinbhinsiúin i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Déanfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an ionstraim aontachais a thaisceadh le Rialtas Phoblacht na Cóiré ag gníomhú dó ina cháil mar Thaiscí an Choinbhinsiúin, i gcomhréir le hAirteagal 24(4) den Choinbhinsiún, chun a léiriú gur thoiligh an tAontas le bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún.

---

11 Tuarascáil an séú cruinniú de chuid Choimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh, 23-25 Feabhra 2021 (físchomhdháil), arna glacadh an 25 Feabhra 2021.

12 JOIN(2016) 49 final.

13 IO L 259, 21.11.2018, lch. 39.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é[14].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[14] De réir Rialachán 2015/2264 ní dhéanfar comhaontuithe idirnáisiúnta a aistriú go Gaeilge ach amháin ón 1 Eanáir 2022 amach.

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH**

# Clár na nÁbhar


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ... 10

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ... 10

*1.2.* Réimsí beartais lena mbaineann ... 10

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le: ... 10

1.4. Cuspóirí ... 10

1.4.1. Cuspóirí ginearálta ... 10

1.4.2. Cuspóirí sonracha ... 10

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo ... 10

1.4.4. Táscairí feidhmíochta ... 11

1.5. Forais an togra/tionscnaimh ... 11

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ... 11

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin. ... 11

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ... 12

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ... 12

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ... 12

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh ... 13

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe ... 13

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ... 14

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ... 14

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe ... 14

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe 14

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ... 14

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh) ... 15

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc .................... 15
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH .................... 16
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar .................... 16
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe .................... 17
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .................... 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .................... 21
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin .................... 23
3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha .................... 26
3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe .................... 26
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam .................... 27

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Cinneadh ón gComhairle maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh |

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| Chun rialachas aigéan a chur chun cinn ar leibhéal idirnáisiúnta |

#### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

X **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[15]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

#### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

| |
|---|
| Is iad seo a leanas cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe:<br>1) Comhaontú Glas don Eoraip |

– 2) Eoraip níos láidre sa Domhan

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

| |
|---|
| <u>Cuspóir Sonrach Uimh. 1</u><br>Níos mó iascaigh inbhuanaithe iomaíocha ar fud an domhain faoi 2024<br><u>Cuspóir sonrach Uimh. 2</u><br>Níos mó iascaigh inbhuanaithe ar fud an domhain agus rialachas aigéan feabhsaithe faoi 2024 |

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

| |
|---|
| Ba cheart rochtain a bheith ag na Ballstáit den Aontas Eorpach agus oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar Limistéar an Choinbhinsiúin, a bhainistíonn Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC), ar comhlacht é a bhunaigh an Coimisiún chun na críche sin.<br>Le haontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún cuirfear cur chuige an Aontais i leith an chaomhnaithe chun cinn ar fud na n-aigéan agus neartófar tiomantas an Aontais do chaomhnú fadtéarmach agus d’úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh ar fud an domhain. |

15 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Líon shoithí iascaireachta an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta san iascach

Líon ghabhálacha an Aontais

Inbhuanaitheacht fhadtéarmach fheabhsaithe na stoc

Líon chruinnithe NPFC a d'fhreastail an tAontas orthu

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tá oibreoirí an Aontais san Ísiltír, sa Liotuáin, sa Laitvia, sa Pholainn agus sa Ghearmáin ag iarraidh a n-oibríochtaí iascaireachta a leathnú chuig an Aigéan Ciúin Thuaidh chun a róil mar ghníomhaithe domhanda a chomhdhlúthú a thuilleadh. Cuirfear barainneacht scála chun cinn freisin ós rud é go bhfuil cabhlach an Aontais i mbun oibríochtaí iascaireachta cheana féin níos faide ó dheas sa chomharsanacht san Eagraíocht Réigiúnach Bainistithe Iascaigh (ERBI), eadhon an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO).

Le rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh in obair NPFC rannchuideofar freisin le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na stoc agus tacófar le taighde eolaíoch atá ábhartha maidir leis an Aigéan Ciúin Thuaidh i gcomhréir le cuspóirí seachtracha an Chomhbheartais Iascaigh (CBI).

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante)

De réir Airteagal 3(1)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh a thagann caomhnú acmhainní bitheolaíocha muirí.

Breisluach AE a mheastar a ghinfear (ex post)

I gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán Uimh. 1380/2013 ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí i dtaca le haontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún:

(a) chun na hacmhainní iascaigh faoi chúram NPFC a rochtain;

(b) chun tacú agus rannchuidiú go gníomhach le forbairt an eolais eolaíoch agus na comhairle eolaíche;

(c) chun comhtháthú beartais le tionscnaimh an Aontais a fheabhsú, agus aird ar leith á tabhairt ar ghníomhaíochtaí comhshaoil, trádála agus forbartha, agus chun

comhsheasmhacht a neartú maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs comhair um fhorbairt agus comhair eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch;

(d) chun rannchuidiú le gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe atá inmharthana ar bhonn eacnamaíoch agus a chuireann fostaíocht chun cinn laistigh den Aontas;

(e) chun a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta lasmuigh d'uiscí an Aontais bunaithe ar na prionsabail agus na caighdeáin chéanna is infheidhme faoi dhlí an Aontais i limistéar CBI agus ag an am céanna cothrom na Féinne a chur chun cinn le haghaidh oibreoirí an Aontais i dtaca le hoibreoirí tríú tír;

(f) chun tacú leis an ngníomhaíocht is gá agus í a chur chun cinn i ngach réimse idirnáisiúnta i ndáil le hiascaireacht NNN a dhíothú;

(g) chun bunú agus neartú sásra um chomhlíonadh de réir tíre a chur chun cinn.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Maidir le tosaíocht an Choimisiúin chun ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda a neartú, cuid thábhachtach de sin is ea gníomhaíochtaí an Choimisiúin ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal déthaobhach. Seasaimh an Aontais sna hEagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh ina bhfuil an tAontas Eorpach ina pháirtí conarthach, tá siad bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, ar chaighdeáin agus prionsabail an Chomhbheartais Iascaigh agus ar an gcur chuige idirnáisiúnta atá againn maidir le rialachas aigéan. Mar sin féin, i geall ar sheasaimh na bPáirtithe Conarthacha eile, ní féidir tacaíocht iomlán a fháil i gcónaí. Déanann an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais ag cruinnithe ERBI, agus dá bhrí sin tá AS MARE i dtús cadhnaíochta leis an gcaibidlíocht ábhartha, agus áirithítear go comhsheasmhach comhairliúcháin iomchuí leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha, chun cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh a chur chun cinn go domhanda.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Leis an togra, cuirtear an clár oibre domhanda agus iltaobhach chun tosaigh maidir le hiascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an domhain chun dul i ngleic le saincheisteanna ríthábhachtacha amhail iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a dhíothú agus ró-acmhainn a laghdú.

Leis an togra, déantar an beartas iascaigh, an beartas forbartha, an beartas comhshaoil, an beartas trádála agus beartais eile a chomhtháthú ar bhealach níos fearr chun na cuspóirí maidir le rialachas inbhuanaithe freagrach a chur chun cinn a thuilleadh.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Tiocfaidh na ranníocaíochtaí airgeadais buiséadacha le NPFC ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) i gcás ranníocaíochtaí saorálacha (deontais) agus ó ranníocaíochtaí éigeantacha le comhlachtaí idirnáisiúnta (an dá cheann faoi bhainistíocht dhíreach) le linn na tréimhse 2021-2027.

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

X **tréimhse neamhtheoranta**

– Le cur chun feidhme ón dáta ar a n-aontóidh an tAontas leis an gCoinbhinsiún ar aghaidh, dáta ar dócha go mbeidh sé go luath in 2022.

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[16]

X **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– X ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– X trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| Ó 2022 ar aghaidh bainisteoidh an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) na ranníocaíochtaí airgeadais le NPFC. Bainisteoidh Ard-Stiúrthóireacht Ghnóthaí Muirí agus Iascaireacht an Choimisiúin aon ranníocaíocht airgeadais le NPFC in 2021. |

16 Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Tá sé d'oibleagáid ar NPFC cruinniú tráthrialta a thionól ar a laghad uair amháin gach 2 bhliain ach i ndáiríre tagann sé i gceann a chéile gach bliain. Ag gach cruinniú dá chuid, glacann NPFC, de chomhthoil, buiséad bliantúil le haghaidh an chéad 2 bhliain eile faoi seach. Maidir leis an dréachtbhuiséad arna chur isteach ag Rúnaíocht NPFC lena fhormheas ag NPFC, i gcomhréir le nósanna imeachta NPFC, déanfaidh an Coimisiún an dréachtbhuiséad a scrúdú, a dheimhniú agus déanfaidh sé barúlacha ina thaobh.

Tugann Rúnaíocht NPFC tuairisc ar chur chun feidhme bhuiséad NPFC ar bhonn bliantúil. Déanann NPFC grinnscrúdú ar chur i ngníomh an bhuiséid ag gach cruinniú tráthrialta dá chuid.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Tá buiséad NPFC roinnte idir a chomhaltaí i gcomhréir le foirmle chomhaontaithe. I gcás comhalta den Choimisiún a ghlac comhaltas le linn bliain airgeadais, déanfaidh sé ranníocaíocht leis an mbuiséad ar mhéid atá comhréireach leis an líon míonna iomlána atá fágtha sa bhliain arna ríomh ón lá a ghlac sé comhaltas.

Maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla (éigeantacha) a íocann an tAontas leis na ERBInna a bhfuil sé ina chomhalta díobh, íoctar iad ó líne bhuiséid atá faoi Bhainistíocht Dhíreach (08.05.02). Thairis sin, maidir leis na ranníocaíochtaí saorálacha a íocann an tAontas leis na ERBInna a bhfuil sé ina chomhalta díobh, chomh maith le costais le haghaidh cúnamh teicniúil chun tacú le soláthar comhairle eolaíche ag cruinnithe ERBI, íoctar iad ó líne bhuiséid atá faoi chomhpháirt bhainistíocht dhíreach CEMID (08.04.02).

Cuirfear eilimintí uile ranníocaíocht an Aontais chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach. Leis na sásraí cur chun feidhme, na módúlachtaí íocaíochta agus rialú na n-idirbheart, déanfar na prionsabail agus na rialacha a leagtar amach faoin Rialachán Airgeadais (Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046) a urramú.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Íocann comhaltaí NPFC a ranníocaíochtaí le buiséad NPFC go tráthrialta agus níl aon chomhalta i riaráistí lena ranníocaíochtaí faoi láthair. Comhaltaí nach bhfuil a ranníocaíochtaí íoctha ina n-iomláine le 2 bhliain as a chéile, níl siad i dteideal a bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht, ná ní féidir leo agóidí a dhéanamh maidir le haon chinneadh a ghlacann NPFC, go dtí go mbeidh a n-oibleagáidí airgeadais urscaoilte acu.

Déanann Coiste NPFC um Airgeadas agus um Riarachán athbhreithniú bliantúil ar staid airgeadais NPFC. Déanann iniúchóirí seachtracha iniúchadh bliantúil ar na cuntais de réir na ngealltanas agus an chaiteachais atá formheasta, agus cuirtear torthaí an iniúchta i láthair NPFC.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí le NPFC, a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí éigeantacha (táillí comhaltais) agus deontais i bhfoirm ranníocaíochtaí saorálacha araon, déanfaidh an Coimisiún an méid sin a tharmligean chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA). Le tarmligean na gcúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid chuig CINEA, bainfidh AS MARE leas suntasach i dtéarmaí optamú próisis agus barainneacht scála, agus beidh an Ard-Stiúrthóireacht in ann díriú ar chúraimí a bhfuil baint acu le beartas.

I ngeall ar na méideanna ísle bliantúla agus cineál na n-idirbheart (táillí comhaltais agus deontais dhíreacha), táthar ag súil le ráta earráide an-íseal.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Ullmhaíonn an Rúnaíocht réamhaisnéis buiséid agus caiteachais NPFC ar bhonn bliantúil agus ansin déanann Coiste NPFC um Airgeadas agus um Riarachán é a athbhreithniú agus a fhormhuiniú agus moladh a eisiúint do NPFC maidir lena formhuiniú. Déanann iniúchóirí seachtracha iniúchadh bliantúil ar na cuntais de réir na ngealltanas agus an chaiteachais atá formheasta, agus cuirtear torthaí an iniúchta i láthair NPFC.

Na gníomhaíochtaí uile a chumhdaítear faoin gCinneadh seo agus a chistítear le buiséad an Aontais, beidh siad i gcomhréir leis na nósanna imeachta bunaithe um rialú agus beidh siad faoi réir iniúchtaí airgeadais an Choimisiúin féin lena n-áirítear an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, agus beidh siad faoi réir iniúchtaí ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[17]. | ó thíortha de chuid CSTE[18] | ó thíortha is iarrthóirí[19] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 3 | 08.01.03.01 | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 3 | 08.04.02 | LD | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 3 | 08.05.02 | LD | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 7 | 20.02.06.01 | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 7 | 20.01.02.01 | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

[17] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
[18] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
[19] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

Beidh an caiteachas bliantúil ag brath ar an ranníocaíocht nach mór don Aontas a dhéanamh le buiséad NPFC, ar ranníocaíocht í a chinnfidh NPFC ag a chruinniú tráthrialta ar bhonn foirmle chomhaontaithe. Faoi láthair meastar an ranníocaíocht a bheith ag EUR 60 000 ar a mhéad in aghaidh na bliana ach d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú air sin de réir ghníomhaíocht iascaireachta bhliantúil chabhlach an Aontais.

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | 3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: MARE | | | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid: 08.05.02 | Gealltanais | (1a) | 0.030 | 0.060 | 0.060 | 0.060 | 0.060 | 0.060 | 0.060 | **0.39** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0.030 | 0.060 | 0.060 | 0.060 | 0.060 | 0.060 | 0.060 | **0.39** |
| Líne bhuiséid: 08.04.02 | Gealltanais | (1b) | 0 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | **1.2** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | 0 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | **1.2** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[20] | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid: 08.01.03.01 | | (3) | 0 | 0.010 | 0.010 | 0.010 | 0.010 | 0.010 | 0.010 | **0.060** |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS MARE** | Gealltanais | =1a+1b +3 | 0.030 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | **1.65** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b | 0.030 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | **1.65** |

20 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | +3 | | | | | | | | |
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0.030 | 0.260 | 0.260 | 0.260 | 0.260 | 0.260 | 0.260 | **1.59** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0.030 | 0.260 | 0.260 | 0.260 | 0.260 | 0.260 | 0.260 | **1.59** |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach | | (6) | 0 | 0.010 | 0.010 | 0.010 | 0.010 | 0.010 | 0.010 | **0.060** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 3** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | 0.030 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | **1.65** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 0.030 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | 0.270 | **1.65** |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na 'sonraí buiséid de chineál riaracháin' atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: MARE | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 0.046 | 0.046 | 0.046 | 0.046 | 0.046 | 0.046 | 0.046 | **0.322** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0.008 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | **0.128** |
| **IOMLÁN AS MARE** | Leithreasuithe | 0.054 | 0.066 | 0.066 | 0.066 | 0.066 | 0.066 | 0.066 | **0.450** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 0.054 | 0.066 | 0.066 | 0.066 | 0.066 | 0.066 | 0.066 | **0.450** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0.084 | 0.336 | 0.336 | 0.336 | 0.336 | 0.336 | 0.336 | **2.1** |
| | Íocaíochtaí | 0.084 | 0.336 | 0.336 | 0.336 | 0.336 | 0.336 | 0.336 | **2.1** |

### *3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **2021** | | Bliain **2022** | | Bliain **2023** | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[21] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[22] Níos mó iascaigh inbhuanaithe iomaíocha ar fud an domhain faoi 2024 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur 1 | Líon na stoc arna n-iascaireacht ar leibhéal MSY | | | 0.020 | | 0.040 | | 0.040 | | 0.040 | | 0.040 | | 0.040 | | 0.040 | | 0.260 |
| - Aschur 2 | Brabúsacht chabhlach an Aontais | | | 0.010 | | 0.020 | | 0.020 | | 0.020 | | 0.020 | | 0.020 | | 0.020 | | 0.130 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | 0.030 | | 0.060 | | 0.060 | | 0.060 | | 0.060 | | 0.060 | | 0.060 | | 0.390 |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 Níos mó iascaigh inbhuanaithe ar fud an domhain agus rialachas aigéan feabhsaithe faoi 2024 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | Bearta caomhnaithe arna nglacadh de réir comhairle eolaíochta | | | | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | 1.2 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | 1.2 |

21 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

22 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁIN** | | 0.030 | | 0.260 | | 0.260 | | 0.260 | | 0.260 | | 0.260 | | 0.260 | | 1.59 |

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.046 | 0.046 | 0.046 | 0.046 | 0.046 | 0.046 | 0.046 | **0.322** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0.008 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | **0.128** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 0.054 | 0.066 | 0.066 | 0.066 | 0.066 | 0.066 | 0.066 | **0.450** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[23] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0.054** | **0.066** | **0.066** | **0.066** | **0.066** | **0.066** | **0.066** | **0.450** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d’fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

23 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 0.3 | 0.3 | 0.3 | 0.3 | 0.3 | 0.3 | 0.3 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[24] | | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [25] | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 01 01 01 12 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **0.3** | **0.3** | **0.3** | **0.3** | **0.3** | **0.3** | **0.3** |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Chun rannchuidiú le bainistiú agus caomhnú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha muirí in uiscí idirnáisiúnta agus le feidhmíocht fheabhsaithe NPFC i gcomhréir le cuspóirí CBI agus a ghné sheachtrach agus tosaíochtaí AS MARE.<br>Chun prionsabail agus caighdeáin CBI a chur chun cinn maidir leis na bearta caomhnaithe, rialaithe agus forfheidhmiúcháin in NPFC agus sa chomhthéacs sin na straitéisí caibidlíochta a fhorbairt chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach.<br>Chun anailís a dhéanamh agus chun bearta caomhnaithe agus bainistithe a fhorbairt maidir le hiascaigh in ERBInna agus comhordú beartas i gcur chun feidhme CBI a áirithiú ag an am céanna.<br>Chun dul i mbun idirphlé tráthrialta leis na páirtithe leasmhara agus chun caidreamh |

24 AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

25 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

| | |
|---|---|
| | cuiditheach a choinneáil ar bun le hInstitiúidí eile agus comhlachtaí idirnáisiúnta. |
| Pearsanra seachtrach | |

### 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– X is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. Cuir tábla excel ar fáil i gcás athchlárú mór. |

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid. |

– ☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

### 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– X ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N**[1] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

[1] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..

☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  ☐ ar acmhainní dílse

  ☐ ar ioncam eile

☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[2] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| Níl aon cheann |
|---|

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| Níl aon cheann |
|---|

2 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.